

Foraire Uladh ar Aodh

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlúim Dána*, Dublin, 1938, poem 96]

MaolSheachlainn na nUirsgéal Ó hUiginn .cct.

1 Foraire Uladh ar Aodh;
ní hadhbhar eagla d'aontaobh
bheith d'Aodh ag comhfhaire a gcroidh
taobh re a fhoraire ag Ultaibh.

2 Do leigsead Ultaigh uile
taobh re hAodh an fhoraire;
fuath suain 'ga dheaghoireacht de
sealoidheacht ní fhuair impe.

3 Doras oslaigthe Uladh
tarla ar sliocht na seanchuradh
fian Toraighe i dteannta Gall;
bearnta foraire a bhfearann.

4 Baoghlaighe iná a [bhearnadh] dhí
dá bhfuil aisde agus innte
críoch Chonaire is Chuirc Chaisil
puirt fhoraire an Aodhai-sin.

5 Innbhear Bóinne agus Banna
is gach fonn dá bhfuil eatorra
feithidh - gá foraire as fhearr -
beithir romhaighe Raoileann.

6 Dún Dá Leathghlas na learg nglan
Dún Sobhairce Dún Dealgan
do-ní ag comhfhaire na gcath
foraire na dtrí dtulach.

7 Dírim do mhuintir mheic Airt
go Baile an Iobhair orrdhairc
go Rinn Sibhne dhóibh ar ndul
's nó go róigh imle Uladh.

8 Leathaidh ar phobal Phuirt Rois
's ar chaladh gCairrge Fearghois;
's ar Thráigh mbinncheolaigh mBaile
imtheoghaidh an fhoraire.

9 Ó Chúl Raithín na ród nglan
ní fhuil soir go hAird nUladh
port dá roimhhead ná caol cuain

gan choimhéad d'Aodh re haonúair.

10 Ó Aird Uladh an fheoir mhaoith
go Beinn nÉadair mheic Éadghaoith
gan fhoraire ó Aodh ní fhoil
raon maraidhe ná marcoigh.

11 Ar Mhág Aonghusa uile
tairgfídh ó tá an fhorfhaire
drud i ngoire ghlansluaigh Ghall
's a bhfoighe d'anbhúain d'fhulang.

12 Ar sgáth chóigidh chlann Rosa
fuilngídh Aodh Mág Aonghusa
cian uadha a ghníomha goile
síona fuara ag foroire.

13 Siobhal oidhche 'n-a éanar
is é as fhearr do fhuiléangadh
's a lámh um chaolgha nó um cholg
dá chaomhna lámh le leathbhord.

14 Síodhuidhe Beinne Boirche
fuilngídh ar feadh geamhoidhche
gan cheann fa theach do thabhairt
fa cheann gcreach i gcontabhairt.

15 Fuilngídh madh fada an adhaigh
gan bhais do bhúain d'aradhain;
fuilngídh le hanbhúain an fhuinn
i dtuighnigh adhfhuair iarúinn.

16 Mórán baoghail beagán suain
iomchraídh Aodh an airm rionnfhuair;
béas na gcuradh riamh roimhe
do mhian Uladh d'fhoire.

17 Cóir do chuireadar Ulaidh
eatorra agus Allmhúraigh;
tugsad geall ar dheighthreoir dhó
an feithmheoir do b'fhearr aco.

18 Mág Aonghusa na n-arm ndéad
ar tí an chóigidh do choimhéad
méidhe an ghaothmhara do ghabh
aonchara fhéinne Uladh.

19 Íbh Eachach na n-abhall bhfiar
idir fhíodhbhaidh is oirshliabh

idir fhairrge mhín is mhagh;
gá tír as ghairde ó ghábhadh.

20 Guaissealbhach Ghleanna Righe
gabhais ar a gáibhthighe
greim do chaoimheirr an chóigidh
'n-a heing aoibhinn urchóidigh.

21 Ar sgáth shíl Eoghain do an
Mág Aonghusa i n-eirr Uladh;
aibche sa chách a chosnamh
ar sgáth mhaicne a mháthar-san.

22 Cóigeadh mheic náraigh Neasa
dídnidh do dhruim bhráithreasa;
an gort 'ga leithchineadh leis
feithfidhear gan tocht thairis.

23 'N-a bhráthair aca uile
a-tá rí Ó Rudhruidhe
tuar conganta le cloinn Néill
's 'n-a bhronndalta ag droing díbh-séin.

24 Cú Chuluinn na gcleas ngoile
mar sin do fhréimh Rudhruidhe;
díon an tsluaigh-se ar-aon orra;
dá ghaol uaisle eatorra.

25 Cineadh mheic Fhachtna Fháthaigh
ba díbh-séin a dheaghmháthair;
na slata do fhuaigh Eamhain
aca fhuair a oileamhain.

26 Mac Deichtine dearc uaine
dar bh'ainm Cú na Craobhruaidhe
'n-a thiomchall-san do thuill bladhadh
ag iomchosnamh fhuinn Uladh.

27 Coimhdheas do thír is do thuinn
do feithtí le Coin gCuilinn
do ghrádh chombráithreach na Con
do chlár fhonngháibhtheach Uladh.

28 Do cuimhnigheadh uair oile
comhaltas chlann Rudhroidhe;
níor léig faghail na feadhna
i n-aghaidh a n-oileamhna.

29 Níor luigh ar leith a mháthar,

do-ní seacha soláthar;
níor shanntuigh an frosmhagh fionn
ag cosnamh alltair Éirionn.

30 Do chloinn Eoghain amhlaidh sin
do-ní cosnamh an chóigidh
Aodh go hionChon na hEamhna
an chaor iothmhar fhíneamhna.

31 Mág Aonghusa an earla thruim
ní lamhthar lucht a leathtruim
folt na ndual snáthfhailgheach saor
'n-a mháthairleath uadh d'éantaobh.

32 An uair uach aithrighid soin
a ghaol Í Chonaill Chearnaigh
gaol na ríogh do fhréimh Chonaill
do shíol Néill ní neamhchomhail.

33 An uair chuirid i n-a chionn
ceithre hollchóigidh Éireann
folt claon ar chur na n-idheadh
Aodh 'n-a Lugh dá leithchineadh.

34 Lugh nó Cianmhac an Cháinte,
nó Naoise a fhear éanpháirte
slat dá ndleaghair corrDhruim Caoin
d'fhearaibh comhluinn Mhac Miodhchaoimh.

35 Tairngeartach Teamhrach Midhe,
leannán lochta ar gceirdei-ne,
taisdealach Trágha Dá Bhan,
gaisgeadhach ágha Uladh.

36 Abhartach aonaigh Tailltean,
síodhuidhe nach seachaintear,
caisgidh fhaghla dá fhine,
taisgidh anma Eimhire.

37 Coiléan caomh Caithreach Fhíona,
croidhe gan fhuath n-eissíodha,
rún faobhrach ag faicsin chean,
aonroth gaisgidh na nGaidheal.

38 Coimhéadaidh cloinne Rosa,
Aodh mac Airt Mhéig Aonghusa,
sleagh glaisbheann i n-a ghoire
fear fairseang foroire. Foraire.